

Cumann Gaelach Ard Mhic Nasca



Hollywood Irish Society

Registered charity no.

Plean Gnó 2011-12

An Coiste:

Tá seisear againn ar an choiste anois, agus is grúpa ionadaíoch muid, idir aosta is óg. Tá bunreacht againn, agus tá stádas carthanachta bainte amach againn. Tíocfaimid le chéile ar a laghad cúig huaire sa bhliain, agus coinneofar miontuairiscí i gcónaí.

Cúrsaí Airgid:

Tá seomraí san eaglais Phreispitéireach Neamhaontaithe againn do na ranganna. Is éigean dúinn íoc as an halla agus as árachas dliteanais phoiblí.

Ar ndóigh, coinneofar taifead cruinn ar chúrsaí airgid, agus cuirfear tuairiscí rialta os comhair an choiste.

Oideachas:

Eagróimid ranganna ag trí leibhéal i halla na heaglaise, agus déanfaimid obair le cinntiú go mbeidh go leor daltaí iontu.

Tá líon na ndaltaí ag dul i méid, agus táimid an-sásta leis seo.

Tabharfar scoláireachtaí amach do dhaltaí scoile agus d'fhoghlaimoirí fásta.

Déanfar poiblíocht do na ranganna agus don fhéile fríd an bhunscoil.

Imeachtaí Sóisialta:

Beidh taispeántas coicise againn sa leabharlann le linn Sheachtain na Gaeilge, agus beidh muid ag plé na bhféidearthachtaí aoichainteoirí éagsúla a aimsiú a bheadh ábalta cainteanna ábhartha a thabhairt i gcaitheamh na bliana.

Beidh imeachtaí sóisialta ag na foghlaimoirí ar nós bhronnadh na bhfáinní agus bhéile na Nollag.

Tíocfaimid le chéile i gcaifé áitiúil (Café Kina) ó am go ham le Gaeilge a labhairt ar bhonn neamhfhoirmiúil.

Aistriú na Teanga ó Ghluín go Glúin

Chomh maith leis an fhéile, beidh muid ag réachtáil imeachtaí Chomhluadar (ar a laghad trí cinn sa bhliain).

Go nuige seo, bhí: déanamh chrosóga Bríde (mí Feabhra); imeacht Cásca; barbaiciú samhraidh; agus imeacht Oíche Shamhna againn.

Freastalóidh baill an ghrúpa 's againne go rialta ar imeachtaí do pháistí i mBéal Feirste. Scaipfidh muid eolas maidir le himeachtaí, gníomhaíochtaí, áiseanna is araile i measc na dteaghlach Gaelach anseo.

An Saol Poiblí:

Is cúis bhróid é do Chumann Gaelach Ard Mhic Nasca go mbíonn páirt againn i gcónaí i bhfeachtais na Gaeilge. Leanfaidh muid ar aghaidh leis seo i mbliana. Chomh maith leis sin, beidh comhfhreagras i nGaeilge againn le heagrais stáit is phoiblí. Neartóidh muid an caidreamh atá againn anois leis an leabharlann phoiblí áitiúil agus leis an chomhairle. Beidh plé speisialta againn leis na polaiteoirí áitiúla.

An tIdirlíon:

Tá suíomh Idirlín againn ag www.hollywood-gaelach.com.

Chomh maith leis sin, táimid ar Facebook mar Holywood Gaelach agus an-chuid "cairde" againn.

Nuachtlitir:

Tá sé de rún againn leanúint ar aghaidh ag eisiúint nuachtlitir tharraingteach dhá uair sa bhliain.